Clár na Vótóirí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Chlár na Vótóirí. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

seanadóir	i dteideal vóta a chaitheamh	
buntáiste	chun clárú	daonáireamh
An Phríomh-Oifig Staidrimh	olltoghchán	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé a thug an t-eolas don rialtas faoi Chlár na Vótóirí?

2. Cé mhéad duine atá i dteideal vóta a chaitheamh i gcathair Chorcaí

3. Cé mhéad duine atá ar Chlár na Vótóirí i gcathair Chorcaí?

4. Cén fáth go bhfuil an seanadóir Brendan Ryan míshásta leis an rialtas?

5. Dar leis an tuairisc, an mbeidh na fadhbanna le Clár na Vótóirí réitithe roimh an chéad olltoghchán eile? Cén fáth?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Creideann* an seanadóir go bhfuil buntáiste ann don rialtas an córas a fhágáil mar atá.'
'*Bailíonn* an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí don rialtas.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ Seán an nuachtán céanna gach lá. (ceannaigh)

2. De ghnáth _____ sé trí uair a chloig tiomáint ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. (tóg)

3. Ar Nuacht TG4 _____ na tuairisceoirí ceisteanna ar na polaiteoirí. (cuir)

4. De ghnáth _____ Pól agus Sinéad chuig bialann gach oíche Sathairn. (téigh)

5. _____ na páistí an obair bhaile roimh fhéachaint ar an teilifís. (déan)

Ceist 4 ‘Ní bheidh na fadhbanna réitithe roimh an *olltoghchán*.’

oll + toghchán = olltoghchán

Cad is brí le ‘oll’? An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Uaireanta beidh ort séimhiú a chur ar an bhfhocal sa cholún ar chlé.

1	toghchán	olltoghchán
2	scoil	
3	margadh	
4	clár	
5	mór	
6	puball	

Ceist 5 Féach ar an abairt thíos:

‘Tá imní ar Brendan Ryan mar níl na fadhbanna *réitithe.*

An féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Bain úsáid as na focail sa bhosca.

1. Is féidir leis na páistí féachaint ar an teilifís nuair atá an obair bhaile _____.

2. Ní féidir an meaisín a úsáid mar tá sé _____.

3. Níl aon nuachtán fágtha. Tá siad ar fad _____.

4. Tá an dinnéar críochnaithe agus tá an bord _____.

5. Tá Síle ullamh don Nollaig. Tá na bronntanais ar fad _____ aici.

briste	ceannaithe	díolta
glanta	déanta	

Ceist 6 An bhfuil tusa ar Chlár na Vótóirí? Cén fáth? An bhfuil aithne agat ar dhaoine atá ar an gClár? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach bheith ar Chlár na Vótóirí?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

seanadóir - *senator*
i dteideal vóta a chaitheamh – *entitled to vote*
buntáiste - *advantage*
chun clárú – *in order to register*
daonáireamh – *census*
An Phríomh-Oifig Staidrimh – *Central Statistics Office*
olltoghchán – *general election*

Ceist 2

1. An Phríomh-Oifig Staidrimh.
2. 94,000.
3. 80,000.
4. Deir sé nach bhfuil an rialtas ag déanamh aon rud chun an fhadhb a réiteach.
5. Ní bheidh mar tá an oiread sin fadhbanna ag baint leis.

Ceist 3

1. ceannaíonn
2. tógann
3. cuireann
4. téann
5. déanann

Ceist 4

1	toghchán	olltoghchán
2	scoil	ollscoil
3	margadh	ollmhargadh
4	clár	ollchlár
5	mór	ollmhór
6	puball	ollphuball

Ceist 5

1. déanta
2. briste
3. díolta
4. glanta
5. ceannaithe

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Deir an Seanadóir Brendan Ryan go bhfuil seisean go mór in amhras faoin údar nach bhfuil na lochtanna atá ar Chlár na Vótóirí réitithe fós ag an rialtas. Creideann an seanadóir go bhfuil buntáiste ann don rialtas an córas a fhágáil mar atá. Labhair sé inniu le Barraí Mescall.

Barraí Mescall

Cuireadh an rialtas ar an eolas go raibh fadhb le Clár na Vótóirí i ndiaidh an olltoghcháin dheireannaigh nuair a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh agallamh ar 25,000 duine. Is é an toradh a bhí air ná go bhfuarthas amach go raibh 20% acu nach raibh ar Chlár na Vótóirí. I gcathair Chorcaí, mar shampla, de réir figiúirí daonáireamh na bliana seo tá nach mór 94,000 duine i dteideal vóta a chaitheamh ach níl ach beagán le cois 80,000 duine ar dhréachtchlár na Comhairle Cathrach, easpa 12%.

Chris Dorgan

Bailítear an t-eolas[1] uainne i mí Meán Fómhair agus ansin cinntítear[2] sin ina dhiaidh sin faoi chórais[3] éagsúla ach bailítear an t-eolas ag an CSO ar am cuí ar lá cuí *so* ní mar an gcéanna an tslí[4] go mbailítear an t-eolas *so* sin an fáth go bhfuil difríochtaí eatarthu.

Barraí Mescall

Dúirt sé chomh maith go gcabhródh an síneadh ama a thug an tAire Comhshaoil chun clárú agus go mbeadh go dtí trí seachtaine[5] roimh an chéad olltoghchán eile ag daoine chun clárú.

Brendan Ryan

Chaithfeá an cheist a chur canathaobh nár dheineadar rud éigin agus an t-aon fhreagra gur féidir a chur ar sin ná go raibh buntáiste éigin ag dul don rialtas as. Agus tá siad ag iarraidh, i mo thuairimse, anois an buntáiste sin, pé buntáiste atá acu, é sin a choimeád beo go dtí tar éis an toghcháin.

Barraí Mescall

Os rud é go bhfuil an oiread sin fadhbanna ag baint leis an gcóras cláraithe vótóirí is cinnte nach mbeidh siad réitithe roimh olltoghchán na bliana seo chugainn. Agus beidh sé suimiúil chomh maith féachaint an mbeidh an chéad rialtas eile sásta tabhairt futhu.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí

[1] *an eolas* a deirtear sa mhír
[2] *cinntífear* a deirtear sa mhír
[3] *faoi chórasaí* a deirtear sa mhír
[4] *an slí* a deirtear sa mhír
[5] *trí sheachtain* a deirtear sa mhír